Níor chóir an fhoirm seo a úsáid ach amháin do thréimhsí cuntasaíochta ón 1 Bealtaine 2024 go dtí an 30 Aibreán 2025

Foirm SFCT1

TUAIRISCEÁN AGUS DEARBHÚ I LEITH NA CÁNACH CARBÓIN AR BHREOSLA SOLADACH

Ainm an tSoláthraí

Uimhir Tagartha Cánach

Seoladh (Eircode san áireamh)

Tréimhse Chuntasaíochta (féach Nóta 1) Ón L L M M B B B B Go dtí an L L M M B B B B

Cuid A

Dearbhú um sholáthairtí breosla sholadaigh saor ó cháin agus maolaithe ina n-iomláine

(Is ionann **aon tona** agus 1,000kg)

Cuspóir an tsoláthair	Gual Tonaí (aon ionad deachúil)	Brícíní móna Tonaí (aon ionad deachúil)	Móin mheilte Tonaí (aon ionad deachúil)	Móin eile Tonaí (aon ionad deachúil
Giniúint leictreachais (seachas comhghiniúint TCÉ) (féach Nótaí 2 & 3)				
Úsáid ag sealbhóir ceadúnais astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa (Féach Nóta 4)	Níl Infheidhmithe			
Úsáid mar amhábhar (féach Nóta 5)				
An chéad soláthar taobh amuigh den Stát				

Cuid B

Achoimre de na soláthairtí incháinithe (lena n-áirítear féinsoláthairtí) breosla sholadaigh agus den cháin iníoctha (féach Nóta 6) (Is ionann aon tona agus 1,000kg)

Cur síos ar an mbreosla soladach		**Tonaí (aon ionad deachúil)**	**Ráta € / tona**	**Cáin Iníoctha**
Gual le húsáid ag astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa Sealbhóir ceadúnas (féach Nóta 4)			4.18	€
Gual (féach Nóta 7)	0 go <30% Bithmhaise		147.49	€
	30% go <50% Bithmhaise		103.24	€
	Bithmhaise 50% nó níos mó		73.74	€
Brícíní móna (féach Nóta 7)	0 go <30% Bithmhaise		102.68	€
	30% go <50% Bithmhaise		71.88	€
	Bithmhaise 50% nó níos mó		51.34	€
Móin mheilte			50.88	€
(Móin eile) (féach Nóta 8)			76.32	€
			Iomlán na Cánach Iníoctha	**€**

Níor chóir an fhoirm seo a úsáid ach amháin do thréimhsí cuntasaíochta ón 1 Bealtaine 2024 go dtí an 30 Aibreán 2025

Cuid C

DEARBHÚ

Dearbhaím, i gcomhréir leis an dlí* lena rialaítear CCBS:

- go dtugann na sonraí ar leathanach 1 den fhoirm seo **cuntas iomlán agus fíor** ar na soláthairtí breosla sholadaigh incháinithe, saor ó cháin agus faoi fhaoiseamh cánach **arna soláthar** ag an soláthraí ainmnithe anseo le linn na tréimhse sonraithe;
- go bhfuil na cainníochtaí dearbhaithe ag rátaí faoi fhaoiseamh cánach mar tháirgí bithmhaise bunaithe ar a gcion bithmhaise ceart, go bhfuil deimhnithe bailí cion bithmhaise ag an soláthraí ainmnithe do gach táirge bithmhaise lena mbaineann, agus go gcuirfidh ar fáil iad lena scrúdú nuair is gá ag oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim;
- go bhfuil dearbhuithe i leith gach soláthar faighte roimh an soláthar ó na daoine cuí mar is gá de réir dlí do sholáthairtí a cháilíonn don fhaoiseamh ag an bhfoinse nó faoi réir soláthair saor ó cháin (féach Nótaí 2, 4 agus 5), agus
- gur ráiteas fíor maidir le dliteanas CCBS an tsoláthraí sin don tréimhse sin atá san fhigiúr sonraithe i leith cáin iomlán iníoctha.

*Caibidil 3 de Chuid 3 den Acht Airgeadais, 2010 (arna leasú) agus Rialacháin an CCBS, 2013 (Uimhir I.R. 191 de 2013).

Sínithe _____ Sínitheoir údaraithe (féach Nóta 9)

(AINM in BLOCLITREACHA) _____

Uimhir Teagmhála Fóin _____

Ainmníocht (féach Nóta 9) _____ Dáta L L M M B B B B

Tuairisceáin a Thíolacadh agus Íocaíochtaí a dhéanamh le haghaidh CCBS

Custaiméirí ROS

Féadann soláthraithe atá cláraithe le haghaidh **Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)** tuairisceáin agus íocaíochtaí SFCT1 a dhéanamh ar ROS. Nuair atá cineál íocaíochta á roghnú ar ROS, ba chóir do sholáthraithe cliceáil ar Íocaíochtaí / Dearbhú Cánach agus CCBS a roghnú ón roghchlár anuas.

Tá tuilleadh eolais ar an gcaoi le híocaíocht ar líne a dhéanamh le fáil ar an rannán ar Threoracha maidir le Seirbhísí Íocaíochta **https://www.revenue.ie/ga/online-services/support/help-guides/ros/payment-services-guides.aspx**

Custaiméirí nach Custaiméirí ROS iad

Féadann soláthraithe nach bhfuil cláraithe le haghaidh ROS tuairisceáin SFCT1 ar líne a dhéanamh trí **M'Fhiosruithe**, atá ar fáil ar mo**chúrsaí**, trí chóip scanta den Fhoirm SFCT1 sínithe agus comhlánaithe a thíolacadh. De rogha air sin, féadann soláthraithe nach bhfuil cláraithe le haghaidh ROS tuairisceáin chomhlánaithe a sheoladh tríd an bpost chuig 'Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Rannóg an Ard-Bhailitheora, Teach an tSairséalaigh, Sráid Phroinséis, Luimneach, VR4 R972. Féadtar íocaíochtaí CCBS do sholáthraithe nach bhfuil cláraithe le haghaidh ROS a dhéanamh trí mo**chúrsaí**.

Tá tuilleadh eolais ar an gcaoi le híocaíocht ar líne a dhéanamh le fáil ar an rannán ar Threoir mo**chúrsaí** ag **https://www.revenue.ie/ga/online-services/support/help-guides/myaccount/payments.aspx**

Áis ar líne é M'Fhiosruithe a ligeann do chustaiméirí comhfhreagras leis na Coimisinéirí Ioncaim a sheoladh agus a fháil go slán seachas ríomhphost neamhshlán a úsáid. Tá tuilleadh eolais ar M'Fhiosruithe le feiceáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar **https://www.revenue.ie/ga/online-services/services/manage-your-record/myenquiries.aspx**. Tabhair do d'aire, maidir le sonraí pearsanta agus íogaire ar bith a sheoltar mar ghnáth-théacs trí ríomhphost caighdeánach, nach bhféadann na Coimisinéirí Ioncaim ráthaíocht a thabhairt go bhfuil siad go hiomlán slán. Má roghnaíonn custaiméirí áirithe an bealach seo a úsáid, meastar go nglacann siad le riosca ar bith atá i gceist.

Níor chóir an fhoirm seo a úsáid ach amháin do thréimhsí cuntasaíochta ón 1 Bealtaine 2024 go dtí an 30 Aibreán 2025

TABHAIR DO D'AIRE

Gearrtar muirear úis ar íocaíochtaí déanacha, mar a fhoráiltear faoi Alt 103 den Acht Airgeadais, 2001. Moltar do cháiníocóirí a ndóthain ama a chur ar leataobh – trí lá ar a laghad – le go mbainfidh a n-íocaíocht Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim amach faoin dáta dlite.

Má loictear an CCBS a íoc, nó íocaíocht a dhéanamh in am, féadfaidh sé go ndéanfar bailiú éigeantach tríd an Sirriam, imeachtaí Cúirte nó Fógra Astaithe faoi Alt 1002 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Nótaí treorach chun an fhoirm seo a chomhlánú

1. Is éard is tréimhse chuntasaíochta ná tréimhse 2 mhí féilire as a chéile, agus Eanáir / Feabhra áirithe mar an gcéad tréimhse in aon bhliain ar leith. Ní mór Tuairisceán agus Dearbhú SFCT1 agus íocaíocht leis a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim taobh istigh de mhí amháin ó dheireadh na tréimhse cuntasaíochta lena mbaineann.
2. Sa chás gur mian le duine nó gnó breosla soladach a fháil ag ráta nialasach, le húsáid i nginiúint leictreachais amháin (seachas comhghiniúint teasa agus cumhachta (TCÉ)), ní mór don duine nó don ghnó sin "Dearbhú úsáide Breosla Sholadaigh le haghaidh Giniúint Leictreachais" de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a chomhlánú, atá ar fáil ar **https://www.revenue.ie/ga/companies-and-charities/documents/excise/energy-taxes/declaration-solid-fuel-electricity-generation.pdf** agus é a sheoladh chuig a soláthraí. **Ní fhéadann soláthraithe breosla soladach faoi fhaoiseamh cánach a sholáthar go dtí go bhfaigheann siad dearbhú comhlánaithe go cuí ón duine nó gnó atá ag oibriú an ghléasra.** Ní mór dearbhuithe úsáide a choinneáil le haghaidh cigireachta ag na Coimisinéirí Ioncaim.
3. Sa chás go n-úsáideann tomhaltóir breosla soladach i ngléasraí TCÉ a ghineann leictreachas ardéifeachtúil, tá an sciar den bhreosla a úsáidtear i dteideal faoisimh. Tá an faoiseamh ar fáil trí aisíocaíocht a dhéanamh leis an tomhaltóir. Ní fhéadfaidh soláthraithe an faoiseamh a fheidhmiú trí iarchur agus ní dhéileáltar leis an bhfaoiseamh ar an bhfoirm Tuairisceán agus Dearbhú SFCT1. Ní mór go bhfolódh na figiúirí "soláthairtí incháinithe" i gCuid B den fhoirm cainníochtaí uile na chéad soláthairtí incháinithe de bhreosla soladach sa chatagóir chuí, lena n-áirítear soláthairtí le haghaidh Comhghiniúint Ardéifeachtúil Teasa is Cumhachta in Éineacht (TCÉ). Tá tuilleadh eolais ar an bhfaoiseamh cánach ar Chomhghiniúint Ardéifeachtúil Teasa is Cumhachta in Éineacht (CA TCÉ) ar fáil ar **https://www.revenue.ie/ga/companies-and-charities/excise-and-licences/energy-taxes/he-chp/index.aspx**.
4. I gcás go soláthraíonn soláthraí móin ag ráta nialasach le húsáid i ngléasra clúdaithe ag sealbhóir ceadúnais Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa arna eisiúint ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, ní mór dóibh gach chainníocht móna a soláthraíodh a chur san áireamh i gCuid A. I gcás go soláthraíonn soláthraí gual ag an ráta laghdaithe, ní mór dóibh gach cainníocht guail a chur san áireamh i gCuid B. Ní mór don sealbhóir ceadúnais "Dearbhú Úsáide Breosla Sholadaigh ag Sealbhóirí Ceadúnais Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa" na Coimisinéirí Ioncaim a chomhlánú ar dtús, atá ar fáil ar **https://www.revenue.ie/en/companies-and-charities/documents/excise/energy-taxes/declaration-solid-fuel-greenhouse-gas-emissions.pdf** agus é a sheoladh chuig a soláthraí. **Ní fhéadfaidh soláthraithe móin a sholáthar ag an ráta nialasach ná gual ag an ráta laghdaithe go dtí go bhfaigheann siad dearbhú comhlánaithe go cuí ón sealbhóir ceadúnais lena mbaineann.** Ní mór dearbhuithe úsáide a choinneáil le haghaidh cigireachta ag na Coimisinéirí Ioncaim.
5. Sa chás gur mian le táirgeoir táirge breosla sholadaigh soláthar breosla sholadaigh saor ó cháin a fháil mar amhábhar, ní mór dóibh "Dearbhú úsáide breosla sholadaigh mar

amhábhar" a chomhlánú, atá ar fáil ar **https://www.revenue.ie/ga/companies-and-charities/documents/excise/energy-taxes/declaration-of-usage-of-solid-fuel-as-a-raw-material.pdf** agus é a sheoladh chuig a soláthraí. **Ní fhéadfaidh soláthraí breosla soladach saor ó cháin a sholáthar do tháirgeoir go dtí go bhfaigheann siad dearbhú comhlánaithe go cuí ón táirgeoir lena mbaineann.** Ní mór dearbhuithe úsáide a choinneáil le haghaidh cigireachta ag na Coimisinéirí Ioncaim.

6. Ní mór go bhfolódh na figiúirí "soláthairtí incháinithe" i gCuid B den fhoirm Tuairisceán SFCT1 cainníochtaí uile na chéad soláthairtí incháinithe do gach catagóir de bhreosla soladach. Áirítear in "soláthairtí incháinithe" "féinsholáthairtí", is é sin, breosla soladach soláthartha ag an soláthraí iad féin chuige/chuici féin le haghaidh tomhaltas an tsoláthraí féin mar bhreosla.

   Níl breosla soladach atá á choinneáil ag soláthraí mar stoc faoi dhliteanas CCBS go dtí go soláthraítear é, nó i gcás "féinsoláthar", go dtí go n-úsáideann an soláthraí lena mbaineann mar bhreosla é.

7. Sa chás go bhfuil cainníocht bhreosla sholadaigh á dearbhú ag soláthraí ag ráta faoi fhaoiseamh cánach ar bhonn ábhair bithmhaise an bhreosla lena mbaineann, ní mór don soláthraí a léiriú chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim gur soláthraíodh an breosla i gcomhréir leis an **An tAcht um Thruailliú Aeir 1987 (Breoslaí Soladach) 2022 - I.R Uimhir 529 de 2022.** Ní mór deimhnithe bailí i leith an chion bithmhaise le haghaidh gach táirge bithmhaise lena mbaineann a choinneáil le haghaidh cigireachta ag na Coimisinéirí Ioncaim.

8. Ní mór na chéad soláthairtí de '"fóid" móna (i dtonnaí go hionad deachúil amháin) a chur san áireamh san fhigiúr tonnáiste do "Móin eile" i gCuid B agus an tsuim CCBS dlite do thréimhse chuntasaíochta á ríomh.

9. Ní mór an Tuairisceán agus Dearbhú SFCT1 seo a bheith sínithe ag an soláthraí lena mbaineann nó ag an duine údaraithe i gcomhréir le Rialachán 13 **de Rialacháin na Cánach Charbóin ar Bhreosla Soladach, 2013; Uimhir I.R. 191 de 2013.** Ní mór don duine sin an teideal atá acu sa ghnó a shonrú más Rúnaí na Cuideachta, Stiúrthóir na Cuideachta, Páirtnéir, srl iad mar is cuí.

10. Ní mór gach taifead i ndáil leis an tuairisceán seo a choinneáil ar feadh 6 bliana. Féadtar iad a choinneáil i bhfoirm leictreonach, ar an gcoinníoll go bhféadtar iad a chur ar fáil i bhfoirm phriontáilte nuair a iarrtar iad.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.